# AR CHUALA TÚ?

**Fáilte a léitheoirí!**

Tá an-áthas orainn tús a chur leis an nuachtlitir míosúil 'Ar Chuala Tú?'. Is í aidhm na nuachtlitreach seo ná pobal Chonamara Láir a choinneáil ar an eolas faoin obair atá á dhéanamh ag Pleanáil Teanga Chonamara Láir agus Forbairt Chonamara Láir sa cheantar. Chomh maith leis sin, is deis iontach é seo dá mbeadh aon fhógraíocht, scéalta nó eolas agaibh le scaipeadh leis an bpobal. Tá ár sonraí teagmhála le fáil ar chúl. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le gach duine a sheol moltaí chugainn ó thaobh ainm a chur ar an nuachtlitir. Bhí smaointí an-chruthaitheach faighte againn agus sa deireadh roghnaíodh 'Ar Chuala Tú?', ainm a mhol Róisín Ní Chonfhaola.

## Foireann Pleanála Teanga

Is í Anne Uí Dhonnacha as Camus an Oifigeach Pleanála Teanga agus Úna Bhreathnach as an Áird Mhóir an Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga. Tá an bheirt acu ag obair le chéile chun plean teanga an limistéir, a shíníonn ó Chamus go hInis Ní agus chomh fada ó thuaidh leis an Sraith Salach a chur i bhfeidhm. Ba mhaith leo buíochas a ghlacadh leis an gCoiste Stiúrtha Pleanála Teanga as ucht an tacaíocht leanúnach agus dearfach thugann siad go deonach, chomh maith leis an gCeanneagraíocht Forbairt Chonamara Láir.

Ba mhaith linn a mheabhrú don phobal tré chéile, gnólachtaí, eagraíochtaí agus coistí go é seo bhur Plean, agus go bhfáiltíonn muid i gconaí roimh bhur n-ionchur.



**Anne Uí Dhonnacha**



**Úna Bhreathnach**

# Scéim Gaelchara

Is cúis ríméid dúinn a thuairisciú go chriochnaigh ceithre dhuine is fichead an Scéim Gaelchara ag deireadh na bliaina 2020 i gConamara Láir. An aidhm a bhí leis an Scéim seo ná go mbeadh deis ag foghlaimeoirí Gaeilge roinnt ama a chaith i measc cainteoirí dúchais an cheantair ag foghlaim nó ag cuir lena gcuid scileanna Gaeilge. Dé réir an aiseolas, d'éirigh thar barr leis seo, bhain gach duine sult as agus thug sé cúnamh mór dona foghlaimeoirí an Ghaeilge a fhoghlaim ar bhealach nadúrtha gan aon bhrú scrúduithe. Le cúnamh Dé, tá súil againn Scéim Gaelchara a chur ar siúl aríst i 2021.




## IONAID POBAIL AN LIMISTÉIR

**Tuigeann Pleanál Teanga Chonamara Láir go iad na Ionaid Pobail croí láir gach ceantar agus go bhfuil siad ríthábhachtach don phobal agus ag tacú leis an bPleanál Teanga. Bheartaigh Coiste Stiúrtha Pleanál Teanga roinnt tacaíocht a chur ar fáil do na coistí áitiúla, chun cabhrú leo na doirse a choinneáil oscailte, bunaithe ar roinnt critéir atá le comhlíonadh. Tá na critéir seo go thoil is go hiomlán bunaithe ar mhaithe leis an teanga, na healaíne dúchasa/traidisiúnta.**



# BLIAIN NUA AGUS NEART AR NA BOCÁIN AGAINN

- **Cliabhán Cultúrtha Chonamara Láir**

Ag tosnú an mhí seo, beidh muid ag cur amach físeáin ar na meáin shóisialta do amhránaithe, ceoltóirí, damhsóirí, fillí, scéalaithe agus níos mó. Bígí ag fáire amach lena aghaidh.

- **Comórtas Ealaíne**

Tá daltaí scoile (rang 5, 6 agus an chéad bliain) an cheantair gnóthach
agus iad ag dearbhú lógó do CAIRDEAS faoi láthair.
Gheobhaidh an buaiteoir 'Hoodie' Pleanáil Teanga Chonamara Láir agus fearas ealaíne

- **·Cliabhán Gnó**

Faoi láthair, táimid ag iarraidh ardán a thabhairt do gnólachtaí agus
seirbhísí atá sa cheantar ar ár suíomh idirlín agus ar na meáin shóisialta.
Beidh tuilleadh eolais faoi seo ag dul amach go luath.

- **Ranganna Gaeilge/Ciorcal Comhrá**

Ar ndóigh, mar gheall ar shrianta COVID-19, tá na ranganna Gaeilge/ciorcal comhrá ar siúl ar Zúm. Fós féin tá ár foghlaimeoirí ag baint an-taitneamh as.

# SCÉIM AN FHUINNIMH

**Máirín Ní Choisdealbha-Seoighe**

**Tá SEAI tar éis maoiniú a cheadú d'Fhorbairt Chonamara Láir Teo.., chun Máistirphlean Fuinnimh a fhorbairt do Chonamara Láir**

Tá súil ag Forbairt Chonamara Láir Teo., comhairleoir a fhostú chun Máistirphlean Fuinnimh (MPF) agus Clár Deiseanna (CD) a fhorbairt don phobal roimh deireadh Feabhra 2021, i gcomhar díreach le foireann an PFI, de réir riachtanais Chlár PFI an SEAI.

**Cuirfidh an plean seo béim ar na rudaí seo a leanas trí thaighde agus comhairliúchán poiblí:**

- Stádas reatha fuinnimh an PFI a mheas - Bonnlíne an éilimh ar fhuinneamh leictreach, teirmeach agus iompair.
- Foinsí fuinnimh in-athnuaite atá leabaithe laistigh den PFI cheana féin a shainaithint.
- Clár Deiseanna (CD) a chruthú - liosta de thionscadail fhéideartha um éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh
in-athnuaite.
- Tionscadail oiriúnacha a roghnú don chéad, dara agus tríú bliain.
Spriocanna a leagan amach in aghaidh na bhfigiúirí bonnlíne.
- Uasdátú tréimhsiúil de stádas fuinnimh
an PFI a cheadú chun dul chun cinn a rianú n aghaidh na spriocanna.

## Comórtas Grianghrafadóireachta



**Ba é téama mí Eanáir ná 'Áilleacht lom an Gheimhridh'. Comhghairdeas le Barbara Bhreathnach as an Áird Mhóir a thóg an pictiúr álainn seo i Sraith Salach. Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Is é Seán Lydon, grianghrafadóir gairimiúil ó Mhaigh Cuilinn, atá ag déanamh moltóireacht ar an gcomórtas grianghrafadóireachta.**




## Seanfhocal na Míosa:

### Níl aon tinteán mar do thinteán féin

---

**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'